Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2019**
**(OR. en)**

**7062/19**

**DAPIX 89**
**CRIMORG 37**
**ENFOPOL 108**
**ENFOCUSTOM 45**
**JAI 242**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Márta 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5310/19 |
| Ábhar: | Conclúidí na Comhairle maidir leis na forálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí ó chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB na Comhairle a chur chun feidhme<br>- Meastóireacht ar Éirinn maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle (SCF) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí as Caibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle - Meastóireacht ar Éirinn maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle, a ghlac an Chomhairle ag an 3677ú cruinniú dá cuid, a tionóladh ar an 7 Márta 2019.

---

## CONCLÚIDÍ NA COMHAIRLE

**maidir leis na forálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí ó chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB na Comhairle a chur chun feidhme**

**Meastóireacht ar Éirinn maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle**

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil a dhéanamh ar comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear sa Chinneadh de bhun "Conradh Prüm" (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, ní mór an fíorú go bhfuil an coinníoll thuasluaite comhlíonta a dhéanamh ar bhonn tuarascáil mheastóireachta bunaithe ar cheistneoir. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, ní mór don tuarascáil mheastóireachta a bheith bunaithe, freisin, ar chuairt mheastóireachta agus ar thriail phíolótach.

3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh Meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe sonraí uathoibrithe agus ní mór don Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a chreideann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le sonraí clárúcháin feithicle comhlánaithe **ag Éirinn**. Chuir **Éire** triail phíolótach rathúil i gcrích in éineacht leis an **Ísiltír**. Rinneadh cuairt mheastóireachta **in Éirinn** agus chuir foireann meastóireachta **na hÍsiltíre/na Portaingéile** tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta ar aghaidh chuig Meitheal ábhartha na Comhairle **(5301/19)**.

5. Tíolacadh tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ina ndéantar achoimre ar thorthaí an cheistneora, na cuairte meastóireachta agus an treoirthionscadail maidir le malartú sonraí clárúcháin feithicle chuig an gComhairle **(5309/19)**.

6. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an **21 Feabhra 2019**, admhaíodh go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí clárúcháin feithicle, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí ó Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine **ag Éirinn.**

7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí clárúcháin feithicle, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí ó Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine **ag Éirinn.**